



An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2020
(OR. en)

10819/20

**Comhad Idirinstitiúideach:
2019/0017(COD)**

**CODEC 809
CLIMA 185
ENV 514
MAR 110
MI 331
ONU 43
PE 57**

NÓTA FAISNÉISE

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 chun aird iomchuí a thabhairt ar an gcóras domhanda bailithe sonraí le haghaidh sonraí faoi ídiú ola breosla long – Toradh imeachtaí Pharlaimint na hEorpa (An Bhruiséil, an 14 go dtí an 17 Meán Fómhair 2020)

I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Jutta Paulus (Verts/ALE, DE), thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, tuarascáil ina raibh 60 leasú (leasuithe 1-60) ar an togra le haghaidh rialachán a luaitear thuas.

Sa bhreis air sin, thíolaic Grúpa ID sé leasú (leasuithe 64-69); thíolaic Grúpa ECR trí leasú (leasuithe 61, 63, 81), agus thíolaic Grúpa GUE/NGL 11 leasú (leasuithe 70-80).

II. VÓTÁIL

Tráth ar caitheadh vóta ag an seisiún iomlánach an 15 Meán Fómhair 2020, glacadh 67 leasú (1-60, 72, 74, 76-80) ar an togra le haghaidh rialachán. Níor glacadh aon leasú eile. Leagtar amach san iarscríbhinn na leasuithe a glacadh.

Ag deireadh na vótála an 16 Meán Fómhair 2020, cuireadh an togra ar ais chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, de bhun Riail 59(4) de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, rud a d'fhág nár cuireadh clabhsúr ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa agus gur cuireadh tús leis an gcaibidlíocht leis an gComhairle.

P9_TA-PROV(2020)0219

**Córas domhanda bailithe sonraí le haghaidh sonraí faoi ídiú ola breosla long
***I**

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 16 Meán Fómhair 2020 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 chun aird iomchuí a thabhairt ar an gcóras domhanda bailithe sonraí le haghaidh sonraí faoi ídiú ola breosla long (COM(2019)0038 – C8-0043/2019 – 2019/0017(COD))¹

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

¹ Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fómhír (A9-0144/2020).

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris -1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(-1) Is bagairt gan fasach é an t-athrú aeráide a bhfuil gá le huaillmhian fheabhsaithe agus gníomhú méadaithe ar son na haeráide ina leith ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda. Tá an tAontas tiomanta dlús a chur lena iarrachtaí chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus cur chun feidhme Chomhaontú Pháras^{1a} a chur i gcrích i gcomhréir leis an eolaíocht is déanaí atá ar fáil. Dearbhaíodh i dtuarascáil speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) ó 2018 dar teideal ‘Téamh Domhanda 1.5°C’ go bhfuil laghduithe suntasacha ar astaíochtaí sna hearnálacha go léir ríthábhachtach chun an téamh domhanda a theorannú go dtí faoi bhun 1.5°C. Luadh freisin i dtuarascáil speisialta ó IPCC ó 2019 dar teideal ‘An tAigéan agus an Crióisféar in Aeráid atá ag Athrú’ go mbraitheann sásraí aeráide ar shláinte

éiceachórais na n-aigéan agus na mara a bhfuil tionchar ag téamh domhanda, truailliú, róshaothrú bithéagsúlachta muirí, aigéadú, dí-ocsaiginiú agus creimeadh cósta orthu faoi láthair. Meabhraíonn IPCC na haigéin mar chuid den réiteach a mhéid a bhaineann le héifeachtaí an athraithe aeráide a mhaolú agus oiriúnú dóibh agus á chur i bhfios go láidir an gá atá le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailliú na n-éiceachóras a laghdú, mar aon le linnte nádúrtha carbóin a fheabhsú.

^{1a} Comhaontú Pháras (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4).

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(1) Bíonn tionchar ag muiriompar ar an aeráid **dhomhanda**, mar thoradh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin (CO₂) ó **loingseoireacht**. In 2015, d'aschuir sé 13 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa iomlána an Aontais ón iompar¹⁵. Tá an loingseoireacht mhuirí idirnáisiúnta fós ar an aon mhodh iompair amháin nach n-

Leasú

(1) Bíonn tionchar ag muiriompar ar an **athrú** aeráide, **ar bhithéagsúlacht mhuirí, ar cháilíocht an aeir agus ar an tsláinte phoiblí**, mar thoradh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin (CO₂) **agus ar astaíochtaí eile a ghintear leis, amhail meatán, ocsaídí nítrigine, ocsaídí sulfair, ábhar cáithníníeach agus carbón dubh**. In 2015,

áirítear sa ghealltanas atá tugtha ag an Aontas maidir leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

d'aschuir sé 13 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa iomlána an Aontais ón iompar¹⁵.

Meastar go dtiocfaidh ardú idir 50 % agus 250 % ar astaíochtaí muirí an domhain faoi 2050^{15a} Mura nglacfar gníomhaíocht bhreise, meastar go dtiocfaidh ardú 86 % os cionn leibhéil 1990 ar astaíochtaí muirí a bhaineann le LEE faoi 2050, in ainneoin gur ghlac an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) íoschaighdeáin éifeachtúlachta do longa. Tá an loingseoireacht mhuirí idirnáisiúnta fós ar an aon mhodh iompair amháin nach n-áirítear sa ghealltanas atá tugtha ag an Aontas maidir leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. An 13 Aibreán 2018, ghlac IMO a Straitéis Tosaigh maidir le hastaíochtaí GCT ó longa a laghdú. Tá géarghá le bearta chun an straitéis sin a chur chun feidhme ar an leibhéal domhanda agus ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go nglacfar gníomhaíochtaí láithreach bonn chun astaíochtaí muirí a laghdú, go rannchuideofar le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras agus an cuspóir neodrachtaeráide uile-Aontais a bhaint amach, gan an bonn a bhaint ó na hiarrachtaí aeráide atá á ndéanamh ag earnálacha eile.

¹⁵ <https://www.eea.europa.eu/data-and->

¹⁵ <https://www.eea.europa.eu/data-and->

maps/indicators/transport-emissions-of-greenhouse-gases/transport-emissions-of-greenhouse-gases-10.

maps/indicators/transport-emissions-of-greenhouse-gases/transport-emissions-of-greenhouse-gases-10.

^{15a} https://gm.imo.org/wp-content/uploads/2017/05/GHG3-Executive-Summary-and-Report_web.pdf.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2) Ba cheart go rannchuideodh gach eárnáil den gheilleagar leis na ***hastáíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú*** i gcomhréir leis an ***ngealltanais a thug na comhreachtóirí mar a léirítear é i Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶ agus le Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷***.

(2) Ba cheart go rannchuideodh gach eárnáil den gheilleagar leis an ***gcomhiarracht chun an t-aistriú go glan-astaíochtaí nialasacha gás ceaptha teasa (GCT) a thabhairt chun críche a luaithe is féidir agus faoi 2050 ar a dhéanaí*** i gcomhréir le ***gealltanais an Aontais faoi Chomhaontú Pháras agus conclúidí ón gComhairle Eorpach an 12 Nollaig 2019 maidir leis an athrú aeráide***.

¹⁶ ***Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an***

*ngníomhú ar son na haeráide chun
gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú
Pháras a chomhlíonadh, agus lena
leasaítear Rialachán (AE) Uimh.
525/2013 (IO L 156 an 19.6.2018. lch.
26).*

*¹⁷ Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na
hEorpa agus ón gComhairle an
14 Márta 2018 lena leasaítear Treoir
2003/87/CE chun laghduithe
costéifeachtacha astaíochtaí agus
infheistíochtaí ísealcharbóin a fheabhsú,
agus Cinneadh (AE) 2015/1814 (IO L 76,
19.3.2018, lch. 3).*

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(3) Leis an Rún ó Pharlaimint na hEorpa i mí **Feabhra 2014** maidir le **creat 2030 i gcomhair beartais** aeráide **agus fuinnimh**, iarradh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sprioc cheangailteach 2030 a **leagan síos** don Aontas, sprioc arb é atá inti laghdú **40% ar a laghad** a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le leibhéal 1990. Thug Parlaimint na

Leasú

(3) Sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an **14 Márta 2019** maidir leis an **athrú** aeráide, **thacaigh tromlach mór leis an gcuspóir maidir le neodracht aeráide a bhaint amach a luaithe is féidir agus faoi 2050 ar a dhéanaí**. Tá iarrtha **go minic ag Parlaimint na hEorpa** ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit go **n-ardófaí go 55%** sprioc cheangailteach 2030 an Aontais

hEorpa dá haire freisin go mbeadh ar gach earnáil den gheilleagar rannchuidiú le hastaíochtaí **gás** ceaptha teasa a laghdú má tá an tAontas chun a chion féin a dhéanamh ó thaobh iarrachtaí domhanda de.

maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i gcomparáid le leibhéil 1990. Thug Parlaimint na hEorpa dá haire freisin ***nach foláir*** do gach earnáil den gheilleagar, ***lena n-áirítear eitlíocht idirnáisiúnta agus muiriompar***, rannchuidiú le hastaíochtaí **gás** ceaptha teasa a laghdú má tá an tAontas chun ***a spriocanna aeráide a bhaint amach*** agus a chion féin a dhéanamh ó thaobh iarrachtaí domhanda de. ***Tá iarrachtaí meara chun an earnáil muiriompair a dhícharbónú níos tábhachtaí fós i bhfianaise an dearbhaithe ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Samhain 2019 maidir le héigeandáil aeráide agus comhshaoil.***

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3a) Leis an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Samhain 2019 maidir le Comhdháil na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide 2019 i Maidrid, na Spáinne (COP25), leagadh béim ar an ngá atá le gníomhaíochtaí breise ón Aontas chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí GCT

ón earnáil mhuirí i bhfianaise an dul chun cinn mall agus neamhleor arna dhéanamh ag IMO. Thacaigh Parlaimint na hEorpa, go háirithe, le cuimsiú na hearnála muirí i gcóras an Aontais i ndáil le trádáil lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa ('EU ETS'), mar aon le caighdeán éifeachtúlachta do longa a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais. Ní leor beartais laghdaithe astaíochtaí mhargadhbhunaithe amháin chun spriocanna laghdaithe astaíochtaí an Aontais a bhaint amach, agus ba cheart ceanglais cheangailteacha rialála maidir le laghdú astaíochtaí a fhorfheidhmítear i gceart a bheith ag gabháil leo.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(4) Ina Conclúidí an **24 Deireadh Fómhair 2014**, d'fhorghuinigh an Chomhairle Eorpach *sprioc cheangailteach de chuid an Aontais chun laghdú intíre 40% ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030 i gcomparáid le 1990.*

Leasú

(4) Ina Conclúidí an **12 Nollaig 2019^{1a}**, d'fhorghuinigh an Chomhairle Eorpach *an cuspóir maidir le AE a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach faoi 2050*. Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl freisin *nach foláir do reachtaíocht agus beartais ábhartha uile AE a bheith*

Luaigh an Chomhairle Eorpach freisin a
thábhachtaí atá sé astaíochtaí gás ceaptha
teasa agus na rioscaí a bhaineann le
spleáchas ar bhreoslaí iontaise san
earnáil iompair a laghdú agus d'iarr sí ar
an gCoimisiún scrúdú breise a dhéanamh
ar ionstraimí agus ar bhearta le haghaidh
cur chuige cuimsitheach a bheadh
neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de,
lena n-áirítear laghdú ar astaíochtaí,
foinsí inathnuaite fuinnimh agus
éifeachtúlacht fuinnimh san iompar a
chur chun cinn.

comhsheasmhach leis an gcuspóir
aeráidneodrachta a bhaint amach, agus
rannchuidiú leis agus machaire
comhréidh á urramú ag an am céanna.

1a

<https://www.consilium.europa.eu/media/41768/12-euco-final-conclusions-en.pdf>

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(4a) Faoi láthair, is é an muiriompar an
t-aon earnáil amháin nach bhfuil faoi réir
cuspoir laghdaithe astaíochtaí de chuid
an Aontais nó bearta maolaithe sonracha
go sainráite. Sa teachtaireacht uaidh an

11 Nollaig 2019 ar an gComhaontú Glas don Eoraip, luaigh an Coimisiún go raibh sé ar intinn aige bearta breise a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí GCT ón earnáil mhuirí, agus go háirithe chun EU ETS a leathnú go dtí an earnáil mhuirí, chun rialáil a dhéanamh ar an rochtain atá ag na longa is mó truailliú ar chalafoirt an Aontais agus chun oibleagáid a chur ar longa atá tagtha chun duga leictreachas cois cladaigh a úsáid. Ina thogra le haghaidh rialachán an 4 Márta 2020, lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (Dlí Aeráide Eorpach)^{1a}, deimhníonn an Coimisiún gur gá gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050 agus nach foláir do gach earnáil rannchuidiú toisc go bhfuiltear ag dréim leis nach ndéanfaidh na beartais reatha ach laghdú 60 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2050.

1a

https://ec.europa.eu/info/files/commission-proposal-regulation-european-climate-law_ga

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(4b) Tá baint na mbacainní ar an margadh san earnáil mhuirí, lena n-áirítear an úsáid a bhaintear as córas MRV trédhearcach agus láidir faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe, dírithe ar rannchuidiú leis an nglacadh le teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh, agus ar rannchuidiú, dá bhrí sin, le laghdú 2% ar astaíochtaí muirí faoi 2030. Chun go rannchuideoidh an earnáil mhuirí go hiomlán leis an iarracht atá á déanamh ar fud an gheilleagair chun cuspóir aeráidneodrachta an Aontais, mar aon le spriocanna 2030 agus spriocanna inmheánacha eile a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaint amach, tá gá, dá bhrí sin, le tuilleadh gníomhaíochta. Mar phríomhionstraim an Aontais maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailliú aeir ó mhuiriompar, tá Rialachán MRV an Aontais ina bhonn do thuilleadh gníomhaíochta. Ba cheart, dá bhrí sin, raon feidhme an Rialacháin a leathnú chun ceanglais cheangailteacha a chur san áireamh do chuideachtaí i dtaca lena n-astaíochtaí GCT de réir na hoibre

*iompair a laghdú, agus tá gá leis freisin
chun EU ETS a leathnú chun an earnáil
mhuirionpair a chumhdach.*

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(6) I mí Aibreáin 2015, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2015/757 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar²⁰ (“Rialachán MRV an Aontais”), rialachán ar comhlánaíodh é in 2016 le dhá Rialachán Tarmligthe²¹ agus dhá Rialachán Cur Chun Feidhme²². Is éard is aidhm do Rialachán MRV an Aontais sonraí a bhailiú faoi astaíochtaí ón loingseoireacht ar mhaithe le ceapadh beartas breise agus chun laghduithe astaíochtaí a dhreasú trí fhaisnéis faoi éifeachtúlacht long a chur ar fáil do mhargaí ábhartha. Le Rialachán MRV an Aontais, cuirtear d’oibleagáid ar chuideachtaí faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar ídiú breosla, ar astaíochtaí CO₂ agus ar éifeachtúlacht a

Leasú

(6) I mí Aibreáin 2015, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2015/757 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar²⁰ (“Rialachán MRV an Aontais”), rialachán ar comhlánaíodh é in 2016 le dhá Rialachán Tarmligthe²¹ agus dhá Rialachán Cur Chun Feidhme²². Is éard is aidhm do Rialachán MRV an Aontais sonraí a bhailiú faoi astaíochtaí ón loingseoireacht ar mhaithe le ceapadh beartas breise agus chun laghduithe astaíochtaí a dhreasú trí fhaisnéis faoi éifeachtúlacht long a chur ar fáil do mhargaí ábhartha. ***Glacadh Rialachán MRV an Aontais mar chéad chéim i gcur chuige céimnithe chun astaíochtaí iompair mhuirí a áireamh i ngealltanais laghdaithe GCT an Aontais agus do***

long ó thaobh fuinnimh de agus iad ar muirastir chuig calafoirt an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) agus uathu, agus é sin a dhéanamh ar bhonn bliantúil ó 2018 ar aghaidh. Tá feidhm ag an **méid sin** freisin maidir le hastaíochtaí CO₂ laistigh de chalafoirt LEE. Beidh **fáil** ar na chéad tuarascálacha astaíochtaí faoin 30 Aibreán 2019.

phraghsáil na n-astaíochtaí sin ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an bprionsabal ‘gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as’. Nuair a glacadh Rialachán MRV an Aontais, gheall an Coimisiún, i gcomhthéacs tograí reachtacha amach anseo maidir le hastaíochtaí muirí, breithniú a dhéanamh ar cad iad na chéad chéimeanna eile a bheadh oiriúnach chun a áirithiú go rannchuideodh an earnáil go cothrom le cuspóirí laghdaithe astaíochtaí an Aontais, go háirithe an fhéidearthacht i dtaobh EU ETS a leathnú chuig an earnáil mhuirí. Le Rialachán MRV an Aontais, cuirtear d’oibleagáid ar chuideachtaí faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar ídiú breosla, ar astaíochtaí CO₂ agus ar éifeachtúlacht a long ó thaobh fuinnimh de agus iad ar muirastir chuig calafoirt an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) agus uathu, agus é sin a dhéanamh ar bhonn bliantúil ó 2018 ar aghaidh. Tá feidhm ag an ***oibleagáid seo*** freisin maidir le hastaíochtaí CO₂ laistigh de chalafoirt LEE. ***Bhí*** na chéad tuarascálacha astaíochtaí le bheith ar fáil faoin 30 Aibreán 2019 ***agus rinne an Coimisiún iad a fhoilsiú an 30 Meitheamh 2019.***

²⁰ Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint

²⁰ Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint

na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE, (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55).

²¹ Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2072 ón gCoimisiún maidir le gníomhaíochtaí fíorúcháin agus creidiúnú fíoraitheoirí de bhun Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar (OJ L 320, 26.11.2016, lch. 5); Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2071 an 22 Meán Fómhair 2016 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na modhanna lena ndéantar faireachán ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus na rialacha lena ndéantar faireachán ar fhaisnéis ábhartha eile (IO L 320, 26.11.2016, lch. 1).

²² Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1927 an 4 Samhain 2016 ón gCoimisiún maidir le teimpléid le haghaidh pleananna faireacháin, tuarascálacha astaíochtaí agus doiciméid chomhlíontachta de bhun Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a

na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE, (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55).

²¹ Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2072 ón gCoimisiún maidir le gníomhaíochtaí fíorúcháin agus creidiúnú fíoraitheoirí de bhun Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar (OJ L 320, 26.11.2016, lch. 5); Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2071 an 22 Meán Fómhair 2016 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na modhanna lena ndéantar faireachán ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus na rialacha lena ndéantar faireachán ar fhaisnéis ábhartha eile (IO L 320, 26.11.2016, lch. 1).

²² Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1927 an 4 Samhain 2016 ón gCoimisiún maidir le teimpléid le haghaidh pleananna faireacháin, tuarascálacha astaíochtaí agus doiciméid chomhlíontachta de bhun Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a

dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar (OJ L 299, 5.11.2016, lch. 1–21); Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1928 an 4 Samhain 2016 ón gCoimisiún maidir le lastas a iompraítear i gcomhair catagóirí long seachas longa paisinéirí, longa róró agus longa coimeádáin a chinneadh de bhun Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar (OJ L 299, 5.11.2016, lch. 22–25).

dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar (OJ L 299, 5.11.2016, lch. 1–21); Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1928 an 4 Samhain 2016 ón gCoimisiún maidir le lastas a iompraítear i gcomhair catagóirí long seachas longa paisinéirí, longa róró agus longa coimeádáin a chinneadh de bhun Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar (OJ L 299, 5.11.2016, lch. 22–25).

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6a) Níor cheart an laghdú ar astaíochtaí ó loingseoireacht agus a dtionchar ar théamh domhanda agus aerthruailliú a chur chun feidhme ar bhealach a dhéanfadh dochar don bhithéagsúlacht mhuirí, agus ba cheart bearta a bheith ag gabháil leis atá dírithe ar athbhunú na n-éiceachóras muirí agus cósta a mbíonn tionchar ag tionscal na loingseoireachta

orthu, amhail na substaintí a scaoiltear isteach sna farraigí, lena n-áirítear uisce ballasta, hidreacarbóin, miotail throma agus ceimiceáin, coimeádáin a chailltear ar muir agus ar imbhuailtí le céiticigh.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 6 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6b) San earnáil mhuirí, ní hionann i gcónaí an úinéir loinge agus an duine nó eintiteas a bhíonn i mbun oibriú tráchtála na loinge. Dá bhrí sin, ba cheart don pháirtí atá freagrach as oibriú tráchtála na loinge na sonraí go léir a cheanglaítear faoi Rialachán MRV an Aontais a bhailiú agus ba cheart go ndéanfaí na sonraí sin a shannadh don pháirtí atá freagrach, amhail an bainisteoir, an cairtfhostóir ar feadh téarma nó an cairtfhostóir forléasta.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 6 c (nua)

(6c) Ba cheart na sonraí a bhailítear faoi Rialachán MRV an Aontais a úsáid chun an t-aistriú chuig longa atá saor ó astaíochtaí a chothú trí dheimhniú éifeachtúlachta fuinnimh a chur ar bun do longa, ar scála rátála, chun gur féidir comparáid thrédhearcach a dhéanamh idir longa, go háirithe ó thaobh díolacháin nó cíosa de, agus na Ballstáit a spreagadh chun dea-chleachtais a chur chun cinn agus chun tacú leis na longa is éifeachtúla.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 6 d (nua)

(6d) Ba cheart don Choimisiún lipéad loingseoireachta Eorpach le haghaidh táirgí a fhorbairt i gcomhar le húinéirí long, geallsealbhóirí eile agus saineolaithe neamhspleácha, chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoin tionchar a bhíonn ag iompar muirí ar an

*gcomhshaol a bhaineann le táirgí a
cheannaíonn siad. Thacódh lipéad den
sórt sin le haistriú comhshaoil agus
fuinnimh earnáil na loingseoireachta trí
bhealach iontaofa agus trédhearcach a
sholáthar chun custaiméirí a chur ar an
eolas faoi thionscnaimh dheonacha.
Spreagfadh sé tomhaltóirí chun táirgí
arna n-iompar ag úinéirí long a
cheannach, ar táirgí iad a bhfuil a
dtionchar ar an gcomhshaol laghdaithe,
mar shampla i dtaca le gáis ceaptha teasa
agus astaíochtaí truailleán, truailliú
torainn, bainistiú dramhaíola agus uisce.*

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 6 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

*(6e) Rannchuidíonn Treoir
92/106/CEE^{1a} ón gComhairle le
hastaíochtaí iompair a laghdú trí aistriú ó
iompar lasta de bhóthar chuig modhanna
iompair astaíochtaí ísle a chur chun cinn,
lena n-áirítear conairí abhann atá saor ó
astaíochta. Tá gá le hathbhreithniú ar an
Treoir sin, chun dlús a chur leis na
hiarrachtaí maidir le hiompar ilmhódach*

*a chur chun cinn agus éifeachtúlacht
agus roghanna malartacha astaíochtaí
ísle a mhéadú. Tá an t-iompar
d'uiscebhealaí atá saor ó astaíochtaí
ríthábhachtach chun aistriú módach
inbhuanaithe ó bhóthar go huiscebhealaí
a fhorbairt, agus, dá bhrí sin, tá sé
riachtanach tacú le hinfheistíocht i
mbonneagar athbhreoslaithe agus
athluchtaithe i gcalafoirt intíre.*

*1^a Treoir 92/106/CEE ón gComhairle an 7
Nollaig 1992 maidir le rialacha
comhchoiteanna a bhunú le haghaidh
cineálacha áirithe iompair
chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit
(IO L 368, 17.12.1992, lch. 38).*

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 6 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

*(6f) Moil straitéiseacha san aistriú
fuinnimh atá i gcalafoirt an Aontais i
ngeall ar a suíomh geografach agus a
ngníomhaíochtaí eacnamaíocha. Is
ionann iad agus príomhphointí iontrála*

na dtráchtearraí fuinnimh, (ó allmhairiú, stóráil nó dáileadh), bíonn siad rannpháirteach ar bhonn méadaitheach san fhorbairt ar láithreán táirgthe fuinnimh in-athnuaite agus forbraíonn siad straitéisí nua bainistithe fuinnimh agus straitéisí nua don gheilleagar ciorclach. I gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, ba cheart don Aontas, dá bhrí sin, a áirithiú go mbeadh cur chuige straitéiseach maidir le calafoirt an Aontais ag gabháil le dícharbónú na hearnála muirí chun tacú lena ról mar éascaitheoir don aistriú fuinnimh. Ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun an fhorbairt ar chalafoirt atá saor ó astaíochtaí a spreagadh agus infheistíocht a dhéanamh i mbonneagair athbhreoslaithe agus athluchtaithe. Dhéanfadh sé sochair sláinte a áirithiú láithreach bonn do na saoránaigh uile atá ina gcónaí i gcalafoirt agus i limistéir chósta, chomh maith le teorainn a chur le tionchair dhiúltacha ar bhithéagsúlacht mhuirí agus chósta sna limistéir sin, arb ionann iad freisin agus críocha móra talún, ar cuid de líonra Natura 2000 iad cuid díobh.

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(7) Luaitear in Airteagal 22 de Rialachán MRV an Aontais, i gcás ina dtagtar ar chomhaontú idirnáisiúnta faoi chóras domhanda faireacháin, tuairiscithe agus fíorúcháin, go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Rialachán MRV an Aontais agus go molfaidh sé, más iomchuí, leasuithe ar an Rialachán ionas go n-áiritheofar ***ailíniú*** leis an gcomhaontú idirnáisiúnta sin.

Leasú

(7) Luaitear in Airteagal 22 de Rialachán MRV an Aontais, i gcás ina dtagtar ar chomhaontú idirnáisiúnta faoi chóras domhanda faireacháin, tuairiscithe agus fíorúcháin, ***nó faoi bhearta domhanda chun astaíochtaí GCT ó mhuiriompar a laghdú***, go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Rialachán MRV an Aontais agus go molfaidh sé, más iomchuí, leasuithe ar an Rialachán ionas go n-áiritheofar ***comhsheasmhacht*** leis an gcomhaontú idirnáisiúnta sin. ***Tá sé tábhachtach, gan beann ar aon bhearta domhanda, go mbeidh an tAontas fós uaillmhianach agus go léireoidh sé ceannaireacht aeráide trí bhearta níos déine a choinneáil nó a ghlacadh laistigh den Aontas.***

Leasú 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(8) Faoi Chomhaontú Pháras a glacadh i mí na Nollaig 2015 ag an 21ú Comhdháil de na Páirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC)²³, ghlac an tAontas agus a Bhallstáit mar chúram orthu féin sprioc maidir le hastaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair. Tá iarrachtaí á ndéanamh anois le hastaíochtaí idirnáisiúnta muirí a theorannú tríd an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) agus ba cheart na hiarrachtaí sin a mholadh. I mí Dheireadh Fómhair 2016 ghlac²⁴ IMO córas bailithe sonraí le haghaidh ola breosla long (“DCS domhanda ó IMO”).

Leasú

(8) Faoi Chomhaontú Pháras a glacadh i mí na Nollaig 2015 ag an 21ú Comhdháil de na Páirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC)²³, ghlac an tAontas agus a Bhallstáit mar chúram orthu féin sprioc maidir le hastaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair. Tá iarrachtaí á ndéanamh anois le hastaíochtaí idirnáisiúnta muirí a theorannú tríd an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) agus ba cheart na hiarrachtaí sin a mholadh. I mí Dheireadh Fómhair 2016 ghlac²⁴ IMO córas bailithe sonraí le haghaidh ola breosla long (“DCS domhanda ó IMO”). ***Ghlac IMO straitéis tosaigh freisin an 13 Aibreán 2018 maidir le hastaíochtaí GCT ó longa a laghdú (Straitéis Tosaigh IMO), ag féachaint leis an méadú ar na hastaíochtaí sin a theorannú a luaithe agus is féidir agus iad a laghdú 50% ar a laghad faoi 2050 i gcomparáid le 2008, agus iarrachtaí a dhéanamh lena bhféachtar lena gcéimniú amach go hiomlán. Ag an am céanna, gheall na Ballstáit agus Comhaltáí Comhlachaithe IMO, lena n-áirítear Ballstáit uile an Aontais, go ndéanfaidís***

astaíochtaí CO₂ de réir na hoibre iompair, mar mheán i gcás loingseoireacht idirnáisiúnta, a laghdú 40% ar a laghad faoi 2030, agus leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh i leith laghdú 70% a bhaint amach faoi 2050. Is iomchuí, dá bhrí sin, croí-eilimintí Straitéis Tosaigh IMO a áireamh i ndlí an Aontais, agus leanúint de bheith rannpháirteach ar bhealach cuiditheach le Ballstáit IMO chun teacht ar chomhaontú domhanda maidir le bearta laghdaithe astaíochtaí GCT. Ba cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar chuideachtaí laghdú líneach 40% ar a laghad a dhéanamh ar na hastaíochtaí CO₂ bliantúla de réir na hoibre iompair faoi 2030 mar mheán thar gach long atá faoina bhfreagracht, i gcomparáid leis an meánfheidhmíocht de réir na catagóire long den mhéid céanna agus den chineál céanna a thuairiscítear faoi Rialachán MRV. Ba cheart go mbunófaí an bhunlíne do na bearta maidir le hastaíochtaí GCT a laghdú trí úsáid a bhaint as na sonraí ó THETIS-MRV agus ó DCS ó IMO, agus na laghduithe ar astaíochtaí atá déanta cheana ag cuideachtaí 'dícharbónú na gceannróadaithe' á n-aithint go hiomlán. Ba cheart don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na rialacha mionsonraithe a shainiú lena gcinnfear an bhonnlíne, an fachtóir laghdaithe

bliantúil do gach catagóir long, na rialacha agus na modhanna chun na pionóis i leith astaíochtaí iomarcacha a ríomh agus a bhailiú, agus aon riail eile is gá chun comhlíonadh na hoibleagáide sin a chomhlíonadh agus a fhíorú.

²³ Comhaontú Pháras (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4–18).

²⁴ Rún MEPC.278(70) ó IMO lena leasaítear Iarscríbhinn VI de MARPOL.

²³ Comhaontú Pháras (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4–18).

²⁴ Rún MEPC.278(70) ó IMO lena leasaítear Iarscríbhinn VI de MARPOL.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(9) I bhfianaise an dá chóras faireacháin, tuairiscithe agus fíorúcháin sin a bheith ann, rinne an Coimisiún measúnú de bhun Airteagal 22 de Rialachán MRV an Aontais ar an gcaoi a bhféadfaí an dá chóras sin a ailíniú chun an t-ualach riaracháin a laghdú do longa, agus cuspóirí Rialachán MRV an Aontais á gcaomhnú ag an am céanna.

Leasú

(9) I bhfianaise an dá chóras faireacháin, tuairiscithe agus fíorúcháin sin a bheith ann, rinne an Coimisiún measúnú de bhun Airteagal 22 de Rialachán MRV an Aontais ar an gcaoi a bhféadfaí an dá chóras sin a ailíniú chun an t-ualach riaracháin a laghdú do longa, ***go háirithe na longa sin atá faoi úinéireacht FBManna***, agus cuspóirí Rialachán MRV an Aontais á gcaomhnú ag an am céanna.

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(10) Léiríodh sa mheasúnú tionchair go bhféadfadh páirt-ailíniú ar an dá chóras faireacháin, tuairiscithe agus fíorúcháin rannchuidiú leis an ualach riaracháin a laghdú do chuideachtaí loingseoireachta, agus príomhchuspóirí Rialachán MRV an Aontais á gcaomhnú ag an am céanna. Mar sin féin, níor cheart, mar thoradh ar pháirt-ailíniú den sórt sin, aon mhodhnú a dhéanamh ar rialachas, *raon feidhme*, fíorú, trédhearcacht ná ceanglais tuairiscithe CO₂ Rialachán MRV an Aontais ar an ábhar go mbainfeadh sé an bonn ó thalamh dá chuspóirí agus go gcuirfeadh sé isteach ar éifeachtacht an Rialacháin tionchar a imirt ar chinntí ceaptha beartas a dhéanamh ar bhonn eolach amach anseo agus ar ghlacadh beart agus iompraíochtaí éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de a dhreasú sa loingseoireacht. Ba cheart, mar sin, le haon leasuithe ar Rialachán MRV an Aontais, teorainn a chur le hailíniú DCS domhanda ó IMO i ndáil le sainmhínte, paraiméadair

Leasú

(10) Léiríodh sa mheasúnú tionchair go bhféadfadh páirt-ailíniú ar an dá chóras faireacháin, tuairiscithe agus fíorúcháin rannchuidiú leis an ualach riaracháin a laghdú do chuideachtaí loingseoireachta, agus príomhchuspóirí Rialachán MRV an Aontais á gcaomhnú ag an am céanna. Mar sin féin, níor cheart, mar thoradh ar pháirt-ailíniú den sórt sin, aon mhodhnú a dhéanamh ar rialachas, raon feidhme, fíorú, trédhearcacht ná ceanglais tuairiscithe CO₂ Rialachán MRV an Aontais ar an ábhar go mbainfeadh sé an bonn ó thalamh dá chuspóirí agus go gcuirfeadh sé isteach ar éifeachtacht an Rialacháin tionchar a imirt ar chinntí ceaptha beartas a dhéanamh ar bhonn eolach amach anseo agus ar ghlacadh beart agus iompraíochtaí éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de a dhreasú sa loingseoireacht. Ba cheart, mar sin, le haon leasuithe ar Rialachán MRV an Aontais, teorainn a chur le hailíniú DCS domhanda ó IMO i ndáil leis na *longa a chumhdaítear le Rialachán MRV an*

faireacháin, pleananna faireacháin agus teimpléid.

Aontais, le sainmhínithe, paraiméadair faireacháin, pleananna faireacháin agus teimpléid.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(12) Forálacha DCS domhanda ó IMO maidir le sonraí a bhfuil faireachán agus tuairisciú le déanamh orthu go bliantúil, ba cheart iad a chur san áireamh chun a áirithiú go mbaileofar sonraí cuíchóirithe i dtaobh gníomhaíochtaí long a thagann faoin dá chóras. Chun an méid sin a chur i gcrích, ba cheart an paraiméadar “meálasta” a thuairisciú ***ach*** ba cheart “lastas a iompraítear” ***a choinneáil ar bhonn deonach***. Ba cheart sainmhíniú DCS domhanda ó IMO “uaireanta atá curtha thart” a chur isteach in ionad “am a chaitear ar muir”. Ar deireadh, ba cheart “achar arna thaisteal” a ríomh ar bhonn DCS²⁵ domhanda ó IMO chun an t-ualach riaracháin a laghdú.

²⁵ Rún MEPC 282 (70) ó IMO.

Leasú

(12) Forálacha DCS domhanda ó IMO maidir le sonraí a bhfuil faireachán agus tuairisciú le déanamh orthu go bliantúil, ba cheart iad a chur san áireamh chun a áirithiú go mbaileofar sonraí cuíchóirithe i dtaobh gníomhaíochtaí long a thagann faoin dá chóras. Chun an méid sin a chur i gcrích, ba cheart an paraiméadar “meálasta” a thuairisciú ***mar aon leis*** an bparaiméadair “lastas a iompraítear”. Ba cheart sainmhíniú DCS domhanda ó IMO “uaireanta atá curtha thart” a chur isteach in ionad “am a chaitear ar muir”. Ar deireadh, ba cheart “achar arna thaisteal” a ríomh ar bhonn DCS²⁵ domhanda ó IMO chun an t-ualach riaracháin a laghdú.

²⁵ Rún MEPC 282 (70) ó IMO.

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(13) Ba cheart ábhar pleananna faireacháin a chuíchóiriú chun aird a thabhairt ar DCS domhanda ó IMO seachas i gcás na gcodanna den phlean atá riachtanach chun a áirithiú gur ar shonraí a bhaineann leis an Aontas amháin a dhéanfar faireachán agus tuairisciú faoi Rialachán MRV an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart aon fhorálacha “de réir an mhuirastir” a choinneáil mar chuid den phlean faireacháin.

Leasú

(13) Ba cheart ábhar pleananna faireacháin a chuíchóiriú chun aird a thabhairt ar DCS domhanda ó IMO seachas i gcás na gcodanna den phlean atá riachtanach chun a áirithiú gur ar shonraí a bhaineann leis an Aontas amháin a dhéanfar faireachán agus tuairisciú faoi Rialachán MRV an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart aon fhorálacha “de réir an mhuirastir” a choinneáil mar chuid den phlean faireacháin. ***Ba cheart don Choimisiún freisin cúnamh a thabhairt do na Ballstáit trí shaineolas agus dea-chleachtais a roinnt, mar aon le teicneolaíochtaí nua a chur chun feidhme, agus é mar chuspóir bacainní riaracháin a laghdú agus sonraí a aisghabháil ar bhonn éifeachtúil agus slán.***

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(13a) Sa mheasúnú tionchair a rinne an Coimisiún in 2013 agus a ghabhann leis an togra maidir le Rialachán MRV an Aontais, léiríodh éifeachtacht EU ETS maidir le hastaíochtaí muirí agus sainaithníodh córas EU ETS nó ciste cúitimh spriocbhunaithe mar na roghanna lena bhféadfaí a áirithiú go mbainfear amach na laghduithe astaíochtaí is gá san earnáil. Chun loingseoireacht mhuirí a áireamh in iarracht an Aontais i dtaobh astaíochtaí a laghdú, ba cheart Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1a} a leasú chun astaíochtaí muirí a chumhdach. Ba cheart don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun cainníocht iomlán na lamháltas le haghaidh muiriompair a shocrú i gcomhréir leis na hearnálacha eile, agus an modh leithdháilte lamháltas le haghaidh muiriompair a shocrú trí cheantáil iomlán. Agus na gníomhartha tarmligthe sin á n-ullmhú, ba cheart don Choimisiún measúnú tionchair 2013 a thabhairt cothrom le dáta, go háirithe sprioc an Aontais do 2030 maidir le

*hastaíochtaí GCT a laghdú ar fud an
gheilleagar a chur san áireamh mar aon
leis an gcuspóir aeráidneodrachta de réir
mar a shainítear é i Rialachán (AE) .../...
[Dlí Aeráide Eorpach] agus an tíochar
eacnamaíoch lena n-áirítear ó thaobh
rioscaí de a d'fhéadfadh a bheith ann
maidir le haistrithe módacha agus
sceitheadh carbóin. Foilseoidh an
Coimisiún torthaí an mheasúnaithe sin.
Tá sé tábhachtach go dtacóidh an tAontas
agus na Ballstáit le bearta ar an leibhéal
idirnáisiúnta chun tionchar an
mhuiriompair ar an aeráid a laghdú. Ba
cheart don Coimisiún aon dul chun cinn
a dhéantar ionsar bheart
margadhbhunaithe arna ghlacadh ag
IMO a choimeád faoi bhreithniú, agus ba
cheart dó i gcás ina nglacfar beart
domhanda margadhbhunaithe, a mheas
conas is féidir a áirithiú go mbeidh
comhsheasmhacht ann idir an tAontas
agus bearta domhanda ar bhealach ina
gcaomhnófar sláine chomhshaoil agus
éifeachtacht ghníomhaíocht aeráide an
Aontais.*

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(13b) Éilíonn an t-aistriú rathúil go loingseoireacht astaíochtaí nialasacha cur chuige comhtháite agus an timpeallacht iomchuí chumasúcháin chun nuálaíocht a spreagadh, ar longa agus i gcalafoirt araon. Baineann an timpeallacht chumasúcháin sin le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach i dtaighde agus nuálaíocht, bearta teicneolaíochta agus oibriúcháin chun éifeachtúlacht fuinnimh long a fheabhsú, agus breoslai malartacha inbhuanaithe, amhail hidrigin agus amóinia, a tháirgtear as foinsí fuinnimh inathnuaite agus teicneolaíochtaí tiomána a úsáid, lena n-áirítear an bonneagar athbhreoslaithe agus athluchtaithe is gá i gcalafoirt. Ba cheart Ciste Aigéin a bhunú ó ioncam a ghintear ó lamháltais mhuirí a cheantáil faoi EU ETS chun éifeachtúlacht fuinnimh long a fheabhsú agus chun tacú le hinfheistíocht lena ndírítear ar chabhrú le muiriompar a dhícharbónú, lena n-áirítear i loingseoireacht ghearrthurais agus i gcalafoirt. Ba cheart don Choimisiún bearta a fhorbairt freisin chun rochtain na long is mó a dhéanann

*truailliú ar chalafoirt an Aontais a rialáil
agus iallach a chur ar longa breoslaí
iontaise atá tugtha chun balla
leictreachas cois cladaigh nó roghanna
malartacha atá saor ó astaíochtaí a úsáid.
Ba cheart don Choimisiún freisin
measúnú a dhéanamh ar an
bhféidearthacht atá ann ceangal a chur
ar chalafoirt taraifí moillráta atá bunaithe
ar astaíochtaí a ghlacadh.*

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 13 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

*(13c) Chun aistriú rathúil a bheith ann
ionsar astaíochtaí nialasacha agus longa
glasa tá gá le cur chuige comhtháite chun
bearta nuálacha a chur chun cinn do
longa atá níos glaise, mar shampla maidir
le dearadh cabhlach, innill nua agus
breoslaí malartacha inbhuanaithe, agus
tiomáint ghaothchuidithe, agus bearta
oibriúcháin, ar bearta iad is féidir a chur
chun feidhme sa ghearrthéarma chun
ídiú breosla a laghdú agus dá bhrí sin
astaíochtaí, amhail laghdú luais nó
pleanáil níos fearr ó thaobh bealaí de.*

Rinneadh laghdú luais, ar a dtugtar galú mall freisin, a thástáil ar mhórsála idir 2006 agus 2012 i ngeall ar an ardú mór ar phraghsanna breosla: bhí laghdú 10 % ar luas ina shiocair le laghdú de thuairim is 19%^{1a} ar idiú agus le laghdú comhfhreagrach ar astaíochtaí. Déanfaidh bearta margadhbhunaithe amhail EU ETS an laghdú ar astaíochtaí agus infheistíocht i dtaighde agus nuálaíocht a spreagadh, chun éifeachtúlacht fuinnimh long a fheabhsú, agus breoslaí malartacha inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí tiomána a úsáid, lena n-áirítear na bonneagair athbhreoslaithe agus athluchtaithe is gá i gcalafoirt agus i gcalafoirt intíre.

^{1a} ‘Tionchar na loingseoireachta idirnáisiúnta ar chaighdeán aeir agus fórsáil aeráide na hEorpa’, an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Tuarascáil theicniúil Uimh. 4/2013.

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

*(14a) Chun gur féidir sonraí ar
ardchaighdeán a thuairiscítear i gclár
THETIS-MRV a choinneáil, ba cheart go
dtabharfaí na hacmhainní agus na
cumhachtaí is gá don Ghníomhaireacht
Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí
(EMSA) chun na tuarascálacha
astaíochta a bhí fíoraithe chun sástachta
ag fíoraitheoirí a sheiceáil.*

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 14 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

*(14b) Ba cheart don Choimisiún
athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú
Rialachán (AE) 2015/757, agus aird á
tabhairt ar an taithí bhreise a fuarthas i
gcur chun feidhme an Rialacháin sin
agus DCS domhanda ó IMO, mar aon le
forbairtí ábhartha eile lena ndírítear ar*

astaíochtaí GCT ó mhuiriompar a laghdú.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 14 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(14c) Foinse truailleán aeir is ea muirompar freisin, amhail ocsaíd sulfair (SOx), ocsaíd nítrigine (NOx), ábhar cáithníníeach (PM), substaintí ídithe ózóin (ODSanna) agus comhdhúile so-ghalaithe orgánacha (VOC)^{1a}. Bíonn tionchar díobhálach ag truailleáin aeir ar an gcomhshaol agus ar shláinte na saoránach araon, go háirithe iad siúd atá ina gcónaí nó ag obair i limistéir chósta nó chalafoirt. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht ábhartha faoi mhí an Mheithimh 2021 agus moltaí nithiúla a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb na n-astaíochtaí aerthruaillithe ó mhuiriompar. Ba cheart don Choimisiún oibriú ar na Limistéir Rialaithe Astaíochtaí Sulfair (SECA) agus na Limistéir Rialaithe Astaíochtaí NOx (NECA) a leathnú i bhfarraigí uile na hEorpa, lena n-áirítear sa Mheánmhuir,

agus díriú tuilleadh ar an bhfadhb a bhaineann le sceitheadh uisce níocháin ó sciúrthóirí agus le sceitheadh substaintí eile, amhail uisce ballasta, hidreacarbóin, miotail thromha agus ceimiceáin, isteach in uiscí oscailte, agus an fhadhb a bhaineann le tionchar na substaintí sin ar bhithéagsúlacht mhuirí.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(15) Is éard is cuspóir do Rialachán (AE) 2015/757 faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí CO₂ ó longa a théann isteach i gcalafoirt LEE **mar an chéad chéim de chur chuige céimneach** chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Ní féidir leis na Ballstáit é sin a bhaint amach go leordhóthanach ach, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, is fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Ba cheart aird a thabhairt ar DCS domhanda ó IMO agus áiríteofar leis an Rialachán seo inchomparáideacht agus iontaofacht leanúnach sonraí a bhailítear atá bunaithe ar thacar aonair ceanglas.

Leasú

(15) Is éard is cuspóir do Rialachán (AE) 2015/757 faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí **GCT** ó longa a théann isteach i gcalafoirt LEE, **chun a ndéine carbóin oibriúcháin de réir na hoibre iompair a laghdú, lena n-áirítear trína n-astaíochtaí a laghdú go suntasach agus iad feistithe, agus chun na hastaíochtaí sin a phraghsáil** chun astaíochtaí gás ceaptha teasa **ón earnáil mhuirí** a laghdú. Ní féidir leis na Ballstáit é sin a bhaint amach go leordhóthanach ach, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, is fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Ba cheart aird a thabhairt ar DCS

Féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

domhanda ó IMO agus áiritheofar leis an Rialachán seo inchomparáideacht agus iontaofacht leanúnach sonraí a bhailítear atá bunaithe ar thacar aonair ceanglas. Féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 15 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(15a) Tá an t-aistriú chuig loingseoireacht aeráidneodrach fós le baint amach agus níor leor go dtí seo bearta rialála ina leith sin. Is féidir ról suntasach a bheith ag calafoirt i ndícharbónú muiriompair. Ba cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar oibreacha long a thagann isteach go calafoirt an Aontais a áirithiú, trí mhodhanna amhail nascadh le leictreachas cois cladaigh, agus iad feistithe nach n-astaíonn a gcuid long

*astaíochtaí gás ceaptha teasa ná
astaíochtaí aerthruaillithe. Bheadh
tábhacht ar leith leis seo i gcás longa a
bheadh feistithe gar do cheantair
uirbeacha, chun éifeachtaí aerthruaillithe
ar shláinte an duine a laghdú. I
bhfianaise tionchair dhifreálacha long i
ndáil le gás ceaptha teasa agus
astaíochtaí aerthruaillithe, ba cheart go
mbeadh sé de cheangal ar na longa is mó
a dhéanann truailliú, lena n-áirítear
longa móra paisinéirí, an ceangal sin a
chomhlíonadh ar dtús.*

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 15 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

*(15b) Ba cheart d'oibreoirí long a áirithiú
go n-oibreoidh siad na soithí ar an
mbealach is éifeachtúla is féidir ó thaobh
fuinnimh de, agus astaíochtaí á gcoimeád
ar na leibhéil is ísle is féidir. Ba cheart do
thógálaithe long a áirithiú go mbeidh
laghdú ar astaíochtaí ina thosaíocht acu
agus iad i mbun longa nua a thógáil.*

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – teideal (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2015/757

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír -1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 mar a leanas:

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír -1 a (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Aithris 23

(-1a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris 23:

(23) *Níor cheart* gáis ceaptha teasa eile, nithe lena gcuirtear brú ar an aeráid *nó* truailleáin aeir *a chumhdach le córas MRV an Aontais ag an gcéim seo chun ceanglais a sheachaint maidir le* trealamh tomhais a shuiteáil *nach bhfuil* iontaofa go leor nó nach bhfuil ar fáil ar bhonn tráchtála, *a d'fhéadfadh cur isteach ar chur chun feidhme chóras MRV an Aontais.*

“(23) *Ba cheart córas MRV an Aontais a leathnú* chun gáis ceaptha teasa eile, nithe lena gcuirtear brú ar an aeráid agus truailleáin aeir *a chumhdach freisin, i gcás* ina bhfuil trealamh *ann* atá iontaofa go leor nó atá ar fáil ar bhonn tráchtála, *chun an aeráid, an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint ar bhonn níos fearr.*”

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír -1 b (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 1

(-1b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

Airteagal 1

“Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú cruinn a dhéanamh ar astaíochtaí *dé-ocsaíde carbóin (CO₂)* agus ar fhaisnéis ábhartha eile ó longa a thagann isteach i gcalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit, atá laistigh díobh nó a imíonn uathu, *chun laghdú* na n-astaíochtaí *CO₂ ó mhuiriompar ar bhealach costéifeachtach a chur chun cinn.*

Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú cruinn a dhéanamh ar astaíochtaí *gás ceaptha teasa (GCT)* agus ar fhaisnéis ábhartha eile ó longa a thagann isteach i gcalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit, atá laistigh díobh nó a imíonn uathu. *Chun rannchuidiú le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais ar fud an gheilleagair a bhaint amach de réir mar a shainmhínítear é i Rialachán (AE) .../... [Dlí Aeráide Eorpach], agus aird á tabhairt ar Straitéis Tosaigh IMO a glacadh an 13 Aibreán 2018, maidir le astaíochtaí GCT ó longa a laghdú leis an Rialachán seo, forchuirtear oibleagáidí ar chuideachtaí a meánastaíochtaí bliantúla CO₂ de réir na hoibre iompair a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 12a.”*

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír -1 c (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 2 – mír 1

(-1c) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le longa atá **os cionn** olltonnáiste 5 000 i leith astaíochtaí **CO2** a sceitear le linn a muiristear óna gcalafort cuarda deireanach go dtí calafort cuarda atá faoi dhlínse Ballstáit agus ó chalafoirt cuarda atá faoi dhlínse Ballstáit go dtí a gcéad chalafoirt cuarda eile, mar aon le laistigh de chalafoirt cuarda atá faoi dhlínse Ballstáit.

“1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le longa **ag** a bhfuil olltonnáiste 5 000 agus **os a chionn** i leith astaíochtaí **GCT** a sceitear le linn a muiristear óna gcalafort cuarda deireanach go dtí calafort cuarda atá faoi dhlínse Ballstáit agus ó chalafoirt cuarda atá faoi dhlínse Ballstáit go dtí a gcéad chalafoirt cuarda eile, mar aon le laistigh de chalafoirt cuarda atá faoi dhlínse Ballstáit.”

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe -a (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 3 – mír 1 – pointe a a (nua)

(-a) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

”(aa) ciallaíonn ‘astaíochtaí gás

*ceaptha teasa' gáis ceaptha teasa a bheith
á scaoileadh ag longa, de réir mar a
liostaítear iad in Iarscríbhinn II a
ghabhann le Treoir 2003/87/CE ó
Pharlaimint na hEorpa agus ón
gComhairle*;*

** Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na
hEorpa agus ón gComhairle an 13
Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear
córas maidir le trádáil lamháltais
astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den
Aontas agus lena leasaítear Treoir
96/61/CE ón gComhairle (IO L 275,
25.10.2003, lch. 32)."*

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe -a a (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 3 – mír 1 – pointe b

An téacs atá ann

Leasú

*(-aa) cuirtear an méid seo a leanas in
ionad phointe (b):*

(b) ciallaíonn ‘calafort cuarda’ an

"(b) ciallaíonn ‘calafort cuarda’ an

calafort ina stopann long chun lastas a luchtú nó a dhíluchtú nó chun paisinéirí a bhordáil nó a dhíbhordáil; dá bhrí sin, déantar stopanna a dhéantar chun críoch athbhreoslaithe, soláthairtí úra a fháil, faoiseamh a thabhairt don chriú, dul i nduga tirim nó obair dheisiúcháin a dhéanamh ar an long agus/nó a cuid trealaimh, agus chun na gcríoch sin amháin, stopanna i gcalafort toisc go dteastaíonn cabhair ón long nó toisc í a bheith i nguais, aistrithe long-go-long a dhéantar lasmuigh de chalafoirt, agus stopanna chun críoch foscadh a fháil ón doineann nó ar gá iad mar gheall ar ghníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála, agus chun na críche sin amháin, a eisiamh;

calafort ina stopann long chun *cuid shubstaintiúil dá* lastas a luchtú nó a dhíluchtú nó chun paisinéirí a bhordáil nó a dhíbhordáil; dá bhrí sin, déantar stopanna a dhéantar chun críoch athbhreoslaithe, soláthairtí úra a fháil, faoiseamh a thabhairt don chriú, dul i nduga tirim nó obair dheisiúcháin a dhéanamh ar an long agus/nó a cuid trealaimh, agus chun na gcríoch sin amháin, stopanna i gcalafort toisc go dteastaíonn cabhair ón long nó toisc í a bheith i nguais, aistrithe long-go-long a dhéantar lasmuigh de chalafoirt, agus stopanna chun críche foscadh a fháil ón doineann nó ar gá iad mar gheall ar ghníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála, agus chun na críche sin amháin, a eisiamh;”

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe a

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 3 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(d) ciallaíonn ‘cuideachta’ úinéir na loinge nó aon eagraíocht nó duine eile

Leasú

“(d) ciallaíonn ‘cuideachta’ úinéir na loinge nó aon eagraíocht nó duine eile

amhail an bainisteoir nó an cairtfhóistoir forléasta, a ghlac an fhreagracht chuige ón úinéir an long a oibriú, agus ***a ghlac chuige na dualgais agus na freagrachtaí uile arna bhforchur le Rialachán (AE) Uimh. 336/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;***

amhail an bainisteoir; ***an cairtfhóistoir*** nó an cairtfhóistoir forléasta, a ghlac an fhreagracht maidir le hoibriú ***tráchtála*** na loinge chuige ó úinéir na loinge agus ***atá freagrach as an mbreosla a ídíonn an long a íoc;***”

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe a a (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 3 – mír 1 – pointe i

An téacs atá ann

Leasú

(aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

(i) ciallaíonn ‘faisnéis ábhartha eile’ faisnéis a bhaineann le hastaíochtaí CO₂ ó idiú breosla, go hobair iompair agus go héifeachtúlacht fuinnimh na long, lena féidir anailís a dhéanamh ar threochtaí astaíochtaí agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na long;

“(i) ciallaíonn ‘faisnéis ábhartha eile’ faisnéis a bhaineann le hastaíochtaí CO₂ ó idiú breosla, go hobair iompair, ***go soláthar cumhachta ó thír chuig an long le linn di a bheith feistithe*** agus go héifeachtúlacht fuinnimh na long, lena féidir anailís a dhéanamh ar threochtaí astaíochtaí agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na long;”

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 a (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 4 – mír 1

An téacs atá ann

Leasú

(1a) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

1. I gcomhréir le hAirteagal 8 go hAirteagal 12, déanfaidh cuideachtaí faireachán agus tuairisciú ar na paraiméadair ábhartha, do gach long ***dá gcuid***, le linn tréimhse tuairiscithe. Déanfaidh siad an faireachán agus an tuairisciú sin laistigh de na calafoirt uile atá faoi dhlínse Ballstáit agus i gcás aon mhuirastir chuig calafort atá faoi dhlínse Ballstáit nó uaidh.

"1. I gcomhréir le hAirteagal 8 go hAirteagal 12, déanfaidh cuideachtaí faireachán agus tuairisciú ar na paraiméadair ábhartha, do gach ***ceann de na*** longa atá ***faoina rialú oibríochtúil tráchtála***, le linn tréimhse tuairiscithe. Déanfaidh siad an faireachán agus an tuairisciú sin laistigh de na calafoirt uile atá faoi dhlínse Ballstáit agus i gcás aon mhuirastir chuig calafort atá faoi dhlínse Ballstáit nó uaidh."

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 b (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 5 – mír 2 a (nua)

(1b) in Airteagal 5, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“2a. Faoi 31 Nollaig 2021, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 23, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na modhanna a shonrú lena ndéantar astaíochtaí meatáin (CH₄) a chinneadh.

Chomh maith leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh, deanfaidh an Coimisiún, faoi 31 Nollaig 2021, measúnú agus tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an tionchar atá ag astaíochtaí GCT ar an aeráid dhomhanda, seachas CO₂ agus CH₄, ó longa a thagann isteach i gcalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit, atá laistigh díobh nó a imíonn uathu. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí, chun aghaidh a thabhairt ar an gceist conas déileáil leis na hastaíochtaí sin.”

Leasú 72

Togra le haghaidh Rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe a – pointe i a (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ia) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(ca) déanfar fachtóirí astaíochta le haghaidh breoslaí malartacha, lena n-áirítear le haghaidh gás nádúrtha leachtaithe, bithbhreoslaí agus breoslaí in-athnuaite de bhunús neamhbhitheolaíocha a bhfuil carbón iontu a shloinneadh i dtéarmaí coibhéiseacha CO₂ agus áireofar leo gach GCT agus beidh siad bunaithe ar anailís saolré. Cinnfidh an Coimisiún na fachtóirí astaíochta sin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24(2);’

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 3 – pointe a

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 9 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(f) lastas a iompraítear, ar bhonn deonach;

scriosta

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 3 a (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 9 – mír 2 – pointe a

An téacs atá ann

Leasú

(3a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) d’Airteagal 9(2):

(a) go dtosaíonn nó go gcríochnaíonn aistear **uile** na loinge le linn na tréimhse tuairiscithe ag calafort atá faoi dhlinse Ballstáit; agus

“(a) go dtosaíonn nó go gcríochnaíonn **nach lú na 90 %** d’aistear na loinge le linn na tréimhse tuairiscithe ag calafort atá faoi dhlinse Ballstáit; agus”

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 4 – pointe a a (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 10 – mír 1 – pointe j a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(aa) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 5 – pointe a

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 11 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. I gcás ina mbíonn athrú cuideachta ann, cuirfidh an chuideachta a bhí ann roimhe sin faoi bhráid an Choimisiúin agus faoi bhráid údaráis an bhratstáit lena mbaineann, a chónagaraí agus is féidir don lá a dtabharfar an t-athrú i gcrích agus tráth nach déanaí ná **trí mhí** ina dhiaidh sin, tuarascáil ina gcumhdaítear na heilimintí céanna atá sa tuarascáil astaíochtaí ach í teoranta don tréimhse a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a rinneadh faoi fhreagracht na cuideachta sin.”;

Leasú

“2. I gcás ina mbíonn athrú cuideachta ann, cuirfidh an chuideachta a bhí ann roimhe sin faoi bhráid an Choimisiúin agus faoi bhráid údaráis an Bhratstáit lena mbaineann, **ar an lá a dtabharfar an t-athrú i gcrích nó** a chónagaraí agus is féidir don lá a dtabharfar an t-athrú i gcrích agus tráth nach déanaí ná **aon mhí** ina dhiaidh sin, tuarascáil ina gcumhdaítear na heilimintí céanna atá sa tuarascáil astaíochtaí ach í a bheith teoranta don tréimhse a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a rinneadh faoi fhreagracht na cuideachta sin. **Áiritheoidh an chuideachta nua go mbeidh ceanglais an Rialacháin seo á gcomhlíonadh ag gach long a bheidh faoina freagracht ar feadh a bhfuil fágtha den tréimhse tuairiscithe**

tar éis an athraithe.”

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 5 – pointe b a (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 11 – mír 3 – pointe xi a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ba) i bpointe (a) de mhír (3), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(xia) lastas a iompraítear;’

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 5 – pointe b b (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 11 – mír 3 – pointe xi b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(bb) i bpointe (a) de mhír (3), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(xib) méid na loinge;’

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 5 a (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Caibidil II a (nua) – Airteagal 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(5a) cuirtear an chaibidil seo a leanas isteach:

“CAIBIDIL II a

LAGHDÚ ASTAÍOCHTAÍ

Airteagal 12a

Laghdú ar astaíochtaí

1. Déanfaidh cuideachtaí laghdú líneach 40 % ar a laghad ar na hastaíochtaí CO₂ bliantúla de réir na hoibre iompair faoi 2030 mar mheán thargach long atá faoina bhfreagracht, i gcomparáid leis an meánfheidhmíocht de réir na catagóire long den mhéid céanna agus den chineál céanna de réir mar a thuairiscítear faoin Rialachán seo.

2. I gcás, i mbliain ar leith, ina mainníonn ar chuideachta an laghdú bliantúil dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh, déanfaidh an Coimisiún pionós airgeadais a fhorchur a bheidh éifeachtach, comhréireach, athchomhairleach agus i gcomhréir le córas astaíochtaí trádála margadhbhunaithe, amhail EU ETS. Ní dhéanfaidh íocaíocht an phionóis i leith astaíochtaí iomarcacha an chuideachta a scaoileadh óna hoibleagáid faoi mhír 1 don tréimhse go dtí 2030. I gcás cuideachtaí ar mhainnigh orthu na teorainneacha astaíochtaí a leagtar síos faoin Airteagal seo a chomhlíonadh, beidh feidhm ag forálacha Airteagal 20(3) agus Airteagal 20(4).

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe faoin ... [6 mhí tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm] i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na catagóirí long dá dtagraítear i mír 1 a shainiú, tríd an mbunlíne agus an fachtóir laghdaithe línigh bliantúil atá le cur i bhfeidhm maidir le gach catagóir loinge trí na sonraí ó THETIS-MRV a úsáid, lena n-áirítear an paraiméadar éigeantach 'lastas a iompraítear', agus DCS ó IMO, agus aitheantas iomlán á thabhairt do na laghduithe ar astaíochtaí atá déanta cheana féin ag na cuideachtaí

'ceannródaíochta dícharbónúcháin

4. Laistigh de 12 mhí ó ghlacadh bearta ag IMO chun an Straitéis Tosaigh maidir le hastaíochtaí GCT ó longa a glacadh an 13 Aibreán 2018 a laghdú agus sula dtiocfaidh na bearta sin i bhfeidhm, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina scrúdóidh sé uaillmhian agus sláine fhoriomlán comhshaoil na mbeart arna gcinneadh ag IMO, lena n-áirítear a n-uaillmhian ghinearálta i ndáil le spriocanna faoi Chomhaontú Pháras, le sprioc laghdaithe astaíochtaí GCT ar fud gheilleagar an Aontais do 2030 agus leis an gcuspóir neodracht aeráide mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) ... / ... [An Dlí Aeráide Eorpach].

5. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle a chur i dteannta na tuarascála dá dtagraítear i mír 4 chun an Rialachán seo a leasú ar bhealach atá comhsheasmhach leis an aidhm sláine chomhshaoil agus éifeachtacht ghníomhaíocht aeráide an Aontais a chaomhnú, go háirithe sprioc laghdaithe astaíochtaí GCT ar fud gheilleagar an Aontais do 2030 agus an cuspóir maidir le neodracht aeráide mar a shainmhínítear i

Rialachán (AE) ... / ... [An Dlí Aeráide Eorpach].”

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 5 b (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 12 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(5b) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 12b

Astaíochtaí ó longa atá i mbeart

Áiritheoidh cuideachtaí, faoi 2030, nach scaoileann aon long atá faoina bhfreagracht astaíochtaí GCT nuair a bhíonn siad i mbeart.”

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 5 c (nua)

An téacs atá ann

Leasú

(5c) in Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

1. Faoi 30 Meitheamh gach bliain, cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis ***faoi na hastaíochtaí CO2*** arna dtuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 11 ar fáil go poiblí mar aon leis an bhfaisnéis a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo.

"1. Faoi 30 Meitheamh gach bliain, cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis arna tuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 11 ar fáil go poiblí mar aon leis an bhfaisnéis a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo."

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 5 d (nua)

An téacs atá ann

Leasú

(5d) in Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) de mhír 2:

(a) céannacht na loinge (ainm, uimhir aitheantais IMO agus calafort cláraithe nó

"(a) céannacht na loinge (ainm, ***cuideachta***, uimhir aitheantais IMO agus

calafort baile);

calafort cláraithe nó calafort baile);"

Leasú 74

Togra le haghaidh Rialacháin

Airteagal 1 – mír 6 a (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 21 – mír 2 – pointe d

An téacs atá ann

(d) ídiú breosla bliantúil iomlán do mhuirastir;

Leasú

(6a) In Airteagal 21(2), leasaítear pointe d mar a leanas:

(d) ídiú breosla bliantúil iomlán, de réir an chineáil breosla, do mhuirastir;

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 6 b (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 21 – mír 2 – pointe k a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6b) in Airteagal 21, mír 2, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(ka) méid na loinge.’

Leasú 76

**Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 1 – mír 6 c (nua)**

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 21 – mír 2 – pointe k b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

**(6c) In Airteagal 21(2), cuirtear an
pointe seo a leanas leis:**

‘(kb) fad iomlán;’

Leasú 77

**Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 1 – mír 6 d (nua)**

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 21 – mír 2 – pointe k c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

**(6d) In Airteagal 21(2), cuirtear an
pointe seo a leanas leis:**

‘(kc) meá-lastá;’

Leasú 78

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 6 e (nua)**

Rialachán (EU) 2015/757

Airteagal 21 – mír 2 – pointe k d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6e) In Airteagal 21(2), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(kd) obair iompair;’

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 6 f (nua)

Rialachán (EU) 2015/757

Airteagal 21 – mír 2 – pointe k e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6f) In Airteagal 21(2), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(ke) ainm úinéir na loinge;’

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 6 g (nua)

Rialachán (EU) 2015/757

Airteagal 21 – mír 2 – pointe k f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6g) In Airteagal 21(2), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(kf) lastas a iompraítear.’

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 6 h (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 21 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6h) in Airteagal 21, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘6a. I gcomhréir lena chlár oibre 2020-2022, déanfaidh EMSA fíorú staitistiúil breise ar na sonraí a chuirtear isteach faoi Airteagal 11(1) chun a áirithiú go bhfuil na sonraí a sholáthraítear comhsheasmhach.’

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 6 i (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 21 a (nua)

(6i) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 21a

Feidhmíocht chomhshaoil long a lipéadú

- 1. Chun laghduithe ar astaíochtaí a spreagadh agus trédhearcacht faisnéise a mhéadú, bunóidh an Coimisiún córas lipéadaithe iomlánaíoch Aontais maidir le feidhmíocht chomhshaoil long a mbeidh feidhm aige maidir leis na longa a chumhdaítear leis an Rialachán seo.***
- 2. Faoi 1 Iúil 2021, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí fhorálacha mionsonraithe a leagan amach maidir le feidhmiú chóras lipéadaithe an Aontais i leith feidhmíocht chomhshaoil long chomh maith leis na caighdeáin theicniúla atá mar bhunús leis.’***

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 6 j (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 22 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6j) in Airteagal 22, scriostar mír 3;

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 6 k (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 22 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6k) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 22a

Athbhreithniú

1. Faoin 31 Nollaig 2022, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú an Rialacháin seo, agus an taithí a

fuarthas ina chur chun feidhme á chur san áireamh, mar aon le forbairtí ábhartha eile atá dírithe ar astaíochtaí GCT a laghdú ó mhuiriompar agus ar ghealltanais an Aontais faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh. Mar chuid den athbhreithniú, molfaidh an Coimisiún ceanglais bhreise chun astaíochtaí GCT seachas CO2 a laghdú, chomh maith le truailleáin aeir a laghdú agus sceitheadh fuíolluisce, lena n-áirítear ó sciúrthóirí, isteach in uiscí oscailte ó longa. Ba cheart leis an athbhreithniú freisin go mbreithneofar raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chuig longa a bhfuil tonnáiste comhlán acu idir 400 agus 5000 tonna. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an athbhreithniú, i gcás inarb iomchuí, chun an Rialachán seo a leasú.

*2. Mar chuid den athbhreithniú atá le teacht ar Threoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle * agus Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **, déanfaidh an Coimisiún togra freisin spriocanna ceangailteacha a leagan síos do na Ballstáit chun a áirithiú go bhfuil soláthar leormhaith leictreachais cois cladaigh i gcalafoirt mhuirí agus intíre.*

** Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bonneagar breoslaí malartacha a chur in úsáid (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1).*

*** Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).'*

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 6 l (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 23 – mír 2

An téacs atá ann

Leasú

(6l) in Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(2), in Airteagal

"2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 5(2), 5(2a),

15(5) agus in Airteagal 16(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón 1 Iúil 2015. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

12a(3), 15(5) agus 16(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón 1 Iúil 2015. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse."

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 6 m (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 23 – mír 3

An téacs atá ann

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 5(2), 15(5) agus 16(3) a chúlghairm aon tráth. Má dhéantar

Leasú

(6m) in Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 5(2), **5(2a)**, **12a(3)**, 15(5) agus 16(3) a chúlghairm aon

cinneadh cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an Chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

tráth. Má dhéantar cinneadh cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an Chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana."

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 6 n

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 23 – mír 5

An téacs atá ann

Leasú

(6n) in Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(2), Airteagal 15(5) nó Airteagal 16(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don

"5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 5(2), **5(2a)**, **12a(3)**, 15(5) agus 16(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don

Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle."

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 a (nua)

Treoir 2003/87/CE

Caibidil II a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 1a

Leasuithe ar Threoir 2003/87/CE

Leasaítear Treoir 2003/87/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an chaibidil seo a leanas isteach:

‘CAIBIDIL IIa

MUIRIOMPAR

Airteagal 3ga

Raon Feidhme

*Beidh feidhm ag forálacha na Caibidle seo ón 1 Eanáir 2022 maidir le liúntais a eisiúint agus a leithdháileadh i leith astaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa a thagann isteach i gcalafoirt a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2015 / 757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *, atá laistigh díobh nó a imíonn uathu. Nuair a athraítear cuideachta de bhun Airteagal 11 (2) de Rialachán (AE) 2015/757, ní cheanglófar ar an gcuideachta nua ach liúntais a fháil i leith astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an tréimhse ar cuireadh gníomhaíochtaí na loinge i gcrích faoina freagracht.*

Airteagal 3gb

Cainníocht iomlán agus modh leithdháilte liúntas le haghaidh muiriompair

*1. Faoi 31 Nollaig 2020, déanfaidh an Coimisiún an measúnú tionchair a rinneadh in 2013 agus a ghabhann le togra an Choimisiúin le haghaidh Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ** a thabhairt cothrom le dáta agus glacfaidh sé gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 23*

chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí chainníocht iomlán na liúntas do mhuiriompar a shocrú i gcomhréir le hearnálacha eile agus an modh leithdháilte lamháltas le haghaidh muiriompair a shocrú trí cheantáil iomlán, chomh maith leis na forálacha speisialta a leagan síos maidir leis an mBallstát riaracháin. Beidh na gníomhartha tarmligthe bunaithe ar na sonraí is fearr atá ar fáil agus ar mheasúnú ar thionchar roghanna éagsúla, lena n-áirítear an tionchar ar astaíochtaí chomh maith leis an tionchar eacnamaíoch.

2. Beidh feidhm ag Airteagail 12 agus 16 maidir le liúntais le haghaidh muiriompair ar an mbealach céanna leis na liúntais a bhaineann le gníomhaíochtaí eile.

3. Úsáidfear 50 % ar a laghad den ioncam a ghintear ó cheantáil liúntas dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo tríd an gCiste a bunaíodh faoi Airteagal 3gc.

4. Úsáidfear ioncaim a ghintear ó cheantáil liúntas nach n-úsáidtear tríd an gCiste a shainmhínítear in Airteagal 3gc agus a leithdháiltear ar Bhallstáit ar bhealach atá comhsheasmhach le haidhmeanna na Treorach seo, go háirithe chun dul i ngleic leis an athrú aeráide san Aontas agus tríú tíortha, chun

*éiceachórais mhuirí a bhfuil tionchar ag
an téamh domhanda orthu a chosaint
agus a athshlánú, agus chun tacú le
haistriú cóir sna Ballstáit, ag tacú le hath-
imlonnú, athoiliúint agus breisoiliúint
oibrithe, oideachas, tionscnaimh
cuardaithe poist agus gnólachtaí
nuathionscanta, le linn idirphlé a bheith
ann leis na comhpháirtithe sóisialta.
Cuirfear gach faisnéis maidir le húsáid
an ioncaim sin ar fáil go poiblí..*

*5. Déanfaidh an Coimisiún faireachán
ar chur i bhfeidhm na Caibidle seo agus
ar threochtaí féideartha maidir le
cuideachtaí atá ag iarraidh a sheachaint
iad a bheith faoi cheangal ag ceanglais na
Treorach seo. Más iomchuí, molfaidh an
Coimisiún bearta chun an tseachaint sin
a chosc.*

Airteagal 3gc

Ciste Aigéin

*1. Bunófar Ciste Aigéin ('an Ciste')
don tréimhse ó 2022 go 2030 chun
éifeachtúlacht fuinnimh long a fheabhsú
agus tacú le hinfheistíocht i
dteicneolaíochtaí agus i mbonneagar
nuálach chun an earnáil muiriompair a
dhícharbónú, lena n-áirítear i
loingseoireacht ghearrthurais agus i
gcalafoirt, agus úsáid breoslaí malartacha
inbhuanaithe amhail hidrigin agus*

amóinia, a tháirgtear ó fhoinsí in-athnuaite, agus ó theicneolaíochtaí tiomána astaíochtaí nialasacha, lena n-áirítear teicneolaíochtaí gaoithe. Úsáidfear 20 % den ioncam faoin gCiste chun cur le cosaint, athshlánú agus bainistiú níos fearr ar éiceachórais mhuirí a mbíonn tionchar ag an téamh domhanda orthu, amhail limistéir mhuirí faoi chosaint; agus geilleagar gorm inbhuanaithe trasearnálach a chur chun cinn mar fhuinneamh muirí in-athnuaite. Déanfar gach infheistíocht a dtacaíonn an Ciste léi a phoibliú agus beidh sí comhsheasmhach le haidhmeanna na Treorach seo.

2. De mhaolú ar Airteagal 12 den Treoir seo, féadfaidh cuideachtaí muiriompair ranníocaíocht bhliantúil ballraíochta a íoc leis an gCiste i gcomhréir lena a n-astaíochtaí iomlána a tuairiscíodh don bhliain féilire roimhe sin faoi Rialachán (AE) 2015/757 chun an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí muirí a theorannú, lena n-áirítear cuideachtaí beaga agus meánmhéide agus cuideachtaí nach mbíonn gníomhach go minic faoi raon feidhme na Treorach seo. Leis an gCiste, tabharfar suas liúntais i dteannta a chéile thar ceann cuideachtaí muiriompair ar baill den Chiste iad. Socrófar leis an gCiste an ranníocaíocht bhallraíochta in aghaidh an tonna

d'astaíochtaí faoin 28 Feabhra gach bliain, ach beidh sí cothrom ar a laghad leis an bpraghas socraíochta margaidh príomhúil nó tánaisteach is airde a taifeadadh do liúntais an bhliain roimhe sin.

3. Gheobhaidh an Ciste liúntais atá cothrom le méid iomlán comhchoiteann na ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo le linn na bliana féilire roimhe sin agus tabharfaidh sé suas iad don chlárlann a bhunaítear faoi Airteagal 19 den Treoir seo faoin 30 Aibreán gach bliain le cealú ina dhiaidh sin. Cuirfear gach faisnéis maidir leis na ranníocaíochtaí a chur ar fáil don phobal.

4. Déanfar an Ciste a bhainistiú go lárnach trí chomhlacht de chuid an Aontais a mbeidh a struchtúr rialachais cosúil le rialachas an chiste dá bhforáiltear in Airteagal 10a (8) den Treoir seo. Beidh a struchtúr rialachais agus a phróiseas cinnteoireachta trédhearcach agus cuimsitheach, go háirithe i socrú réimsí tosaíochta, critéar agus nósanna imeachta leithdháilte deontas. Beidh ról comhairliúcháin iomchuí ag geallsealbhóirí ábhartha. Cuirfear gach faisnéis faoi na hinfheistíochtaí agus gach faisnéis ábhartha eile ar fheidhmiú an Chiste ar fáil don phobal.

5. *Rachaidh an Coimisiún i mbun idirphlé le tríú tíortha maidir leis an gcaoi ar féidir leo an Ciste a úsáid.*

6. *Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh maidir leis an Airteagal seo a chur chun feidhme.*

Airteagal 3gd

Tuarascáil agus athbhreithniú arna ndéanamh ag an gCoimisiún ar chur chun feidhme beart maolaithe aeráide ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta

1. *Laistigh de 12 mhí ó ghlacadh beartha domhanda margadhbunaithe ag IMO chun an Straitéis Tosaigh maidir le hastaíochtaí GCT ó mhuiriompar, agus sula n-éireoidh siad oibríochtúil, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina scrúdóidh sé uailmhian agus sláine fhoriomlán comhshaoil na mbeart sin, lena n-áirítear a n-uailmhian ghinearálta i ndáil le spriocanna faoi Chomhaontú Pháras, le sprioc laghdaithe astaíochtaí GCT ar fud gheilleagar an Aontais do 2030 agus leis an gcuspóir neodracht aeráide mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) ... / ... [An Dlí Aeráide Eorpach]. Cuirfear san áireamh sa*

*tuarascáil sin go háirithe leibhéal na
rannpháirtíochta sna bearta domhanda
sin, a n-in-fhorfheidhmitheacht, a
dtrédhearcacht, na pionóis as
neamhchomhlíonadh, na próisis le
haghaidh ionchur poiblí, úsáid
creidmheasanna fritháireamh,
faireachán, tuairisciú agus fíorú
astaíochtaí, clárlanna, cuntasacht chomh
maith le rialacha maidir le húsáid
bithbhreoslaí.*

*2. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an
Coimisiún togra reachtach chuig
Parlaimint na hEorpa agus chuig an
gComhairle a chur i dteannta na
tuarascála dá dtagraítear i mír 1 chun an
Treoirlíne seo a leasú ar bhealach atá
comhsheasmhach leis an aidhm sláine
chomhshaoil agus éifeachtacht
ghníomhaíochta aeráide an Aontais a
chaomhnú, go háirithe sprioc laghdaithe
astaíochtaí GCT ar fud gheilleagar an
Aontais do 2030 agus an cuspóir maidir le
neodracht aeráide mar a shainmhínítear i
Rialachán (AE) ... / ... [An Dlí Aeráide
Eorpach].*

** Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint
na hEorpa agus ón gComhairle an
29 Aibreán 2015 maidir le faireachán,
tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar
astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó*

*mhuiriompar, agus lena leasaítear
Treoir 2009/16/CE, (IO L 123, 19.5.2015,
lch. 55).*

*** Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó
Pharlaimint na hEorpa agus ón
gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir
le sásra chun faireachán agus tuairisciú a
dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha
teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha
don athrú aeráide a thuairisciú ar an
leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an
Aontais agus lena n-aisghairtear
Cinneadh Uimh. 280/2004/CE (IO L 165,
18.6.2013, lch. 13).'*